Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10851/21**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0208(NLE)**

**JUSTCIV 118**
**IA 141**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 193 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontú an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 193 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 193 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2021
SWD(2021) 193 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le haontú an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú**

{COM(2021) 388 final} - {SEC(2021) 279 final} - {SWD(2021) 192 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
| --- |
| Measúnú tionchair ar **aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú (an 'Coinbhinsiún maidir le Breithiúnais')** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá creat dlíthiúil scaipthe ann do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais faoi láthair atá ag iarraidh breithiúnas a tugadh san Aontas Eorpach a aithint agus a fhorfheidhmiú i dtríú tír toisc nach ann do chreat idirnáisiúnta cuimsitheach chun breithiúnais eachtracha in ábhair shibhialta agus thráchtála a aithint agus a fhorfheidhmiú. Ciallaíonn sé sin nach mór don chreidiúnaí is ábhar don bhreithiúnas dul trí mheascán dlíthe náisiúnta tríú tíortha maidir le glacadh le breithiúnais eachtracha, mar aon le conarthaí déthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, chun seans a bheith ann go bhforfheidhmeofar a mbreithiúnas, ní mór dóibh siúd atá i mbun dlíthíocht idirnáisiúnta acmhainní, am agus go minic saineolas seachtrach a infheistiú chun straitéis láidir dlíthíochta a ullmhú. Is fachtóirí díspreagtha iad an **chastacht sin,** mar aon leis na **costais agus an éiginnteacht dhlíthiúil** a bhaineann leis sin, fachtóirí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le gnólachtaí agus saoránaigh dlíthíocht chúirte a sheachaint agus cineálacha eile réitigh díospóide a lorg, géilleadh do leanúint dá n-éilimh, nó rogha a dhéanamh gan dul i mbun idirbheartaíocht idirnáisiúnta ar fad. D'fhéadfadh sé sin, ina dhiaidh sin, **tionchar diúltach** a bheith aige ar thoilteanas ghnólachtaí agus shaoránaigh an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí **trádála agus infheistíocht idirnáisiúnta**. Ina theannta sin, toisc go bhfuil amhras ann faoi fhorfheidhmiú bhreithiúnais an Aontais i dtríú tíortha, **tá bac ar cheart rochtana ar cheartas** ghnólachtaí agus shaoránaigh an Aontais. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is iad na cuspóirí ginearálta **rochtain ar cheartas** a fheabhsú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh an Aontais trí chóras lena n-éascaítear aithint agus forfheidhmiú breithiúnas eachtrach i ngach áit ar domhan ina mbíonn sócmhainní ag an bhféichiúnaí is ábhar don bhreithiúnas, agus ar an gcaoi sin **trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn**. Is é is aidhm don tionscnamh go sonrach **deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht** dlíthíochta idirnáisiúnta a mhéadú, **costais agus fad na n-imeachtaí a laghdú** agus cead a thabhairt d'aithint agus d'fhorfheidhmiú breithiúnas tríú tíortha san Aontas i gcás **ina n-urramaítear bunphrionsabail dlí an Aontais Eorpaigh** agus **nach ndéantar difear** do ***acquis*** **inmheánach an Aontais** ar an ábhar céanna. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tagann an tionscnamh faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Ciallaíonn sé sin nach féidir le Ballstáit aonair aontú leis an gCoinbhinsiún seo agus nach féidir na cuspóirí atá á lorg a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. |

| B. Réitigh |
| --- |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Mar gheall ar thacaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach an Aontais sa chaibidlíocht ba chúis le glacadh an Choinbhinsiúin in 2019, mar aon le caomhnú phríomhleasanna an Aontais sa phróiseas, cuireadh an rogha gan aontú leis an gCoinbhinsiún san áireamh den chuid is mó mar thagarmharc d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla beartais atá ann agus aontachas á chur san áireamh.<br><br>Breathnaíodh leis na roghanna sin ar aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais gan aon dearbhú, nó agus dearbhú a chur isteach faoi Airteagal 18 den Choinbhinsiún agus gan a chur i bhfeidhm maidir le hábhair áirithe (ábhair tomhaltóirí, ábhair fostaíochta nó árachais, mar aon le léasanna tráchtála ar mhaoin |

dhochorraithe) a chur san áireamh, nó breithiúnais in ábhair shibhialta nó thráchtála a bhfuil baint ag Stáit nó eintitis Stáit leo, faoi Airteagal 19 den Choinbhinsiún. Breithníodh rogha eile, áfach, i bhfoirm aontachais ina ndearnadh an dá dhearbhú faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19.

Is é an rogha thosaíochta aontú leis an gCoinbhinsiún le dearbhú teoranta spriocdhírithe lena n-eisiatar aithint agus forfheidhmiú breithiúnas tríú tíortha ó chúirteanna san Aontas , breithiúnais lenar tugadh rialú ar léasanna tráchtála (tionóntachtaí) ar mhaoin dhochorraithe atá lonnaithe san Aontas. Meastar nach bhfuil gá le dearbhú lena n-eisiafaí na hábhair eile a breithníodh toisc go dtugann an Coinbhinsiún cosaint leordhóthanach do pháirtithe níos laige, cé go bhfuil sé ar bhealach difriúil ná mar atá in *acquis* an Aontais, agus, neamhchosúil leis an rogha thosaíochta, d'fhéadfadh dearbhuithe níos leithne bac a chur ar bhaint amach iomlán chuspóirí an tionscnaimh seo. Ós rud é go gcuirtear **feabhas ar rochtain ar cheartas leis an rogha thosaíochta** agus go bhfuiltear le **trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn léi**, méadófar leis chomh maith **deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht i ndlíthíocht cúirte idirnáisiúnta**, **laghdófar costais agus fad na n-imeachtaí** agus **beidh sé i gcomhréir go hiomlán le *acquis* an Aontais Eorpaigh ar an ábhar seo**, eadhon Rialachán Ia na Bruiséile (Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012). De bhun an Rialacháin seo, tá dlínse eisiach ag cúirteanna san Aontas rialú ar dhíospóidí a bhaineann le tionóntachtaí tráchtála maoine dochorraithe atá suite san Aontas.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Thacaigh na Ballstáit agus tromlach mór na bpáirtithe leasmhara (gairmithe dlí, gnólachtaí, eagraíochtaí gairmiúla dlíodóirí agus báillí, acadóirí, etc.) le haontachas leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais. Maidir leis an bhféidearthacht dearbhuithe a dhéanamh, bhí na Ballstáit i gcoinne dearbhú a bhí bunaithe ar Airteagal 19 den Choinbhinsiún agus níor chuir siad tuairimí soiléire in iúl maidir le dearbhuithe Airteagal 18. Ní raibh ach líon beag páirtithe leasmhara i bhfabhar aontú trí dearbhú faoi Airteagal 19 agus níor braitheadh aon chlaonadh soiléir maidir le dearbhuithe Airteagal 18.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Meastar gur **idir EUR 1.1 agus 2.6 milliún** le linn na tréimhse tagartha (2022-2026) na **sochair dhíreacha a bheidh ann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh** agus iad ag iarraidh go ndéanfaí breithiúnas de chuid an Aontais a aithint agus a fhorfheidhmiú sna comhpháirtithe trádála tábhachtacha a ndearnadh anailís orthu (an Airgintín, an Astráil, an Bhrasaíl, Ceanada, an tSín, an Chóiré Theas, an tSeapáin, na Stáit Aontaithe). Is é atá i gceist leis sin **laghdú réamh-mheasta de 10 %-20 % de na costais** a bhaineann le haithint agus forfheidhmiú bhreithiúnais an Aontais i dtríú tíortha. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh **laghdú idir trí mhí go sé mhí** ar an meán ar **mheánfhad na n-imeachtaí**.

Beidh tionchar dearfach ag an rogha seo ar an gcuid is mó de chórais náisiúnta dlí na mBallstát, tionchar **a chuirfeadh feabhas ar an leibhéal reatha maidir le glacadh le breithiúnais ó thríú tíortha i 22 Bhallstát**. Maidir leis na ceithre Bhallstát eile, ní bheidh an staid tar éis an aontachais níos measa ná mar atá inniu, ach is beag feabhas a bheadh ann nó feabhas ar bith i gcomparáid leis an staid reatha. Ina theannta sin, tá an rogha seo **i gcomhréir go hiomlán le *acquis* an Aontais** (Rialachán Ia na Bruiséile) agus, mar thoradh air sin, tá an leibhéal is airde comhleanúnachais aici ar an leibhéal sin.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Meastar go mbeidh **roinnt costas aonuaire** ag **údaráis phoiblí na mBallstát** a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ach meastar go mbeidh costais den sórt sin diomaibhseach. Is dócha go mbeadh **méadú beag ar líon na gcásanna** i ndán do na breithiúna sa tréimhse thagartha, ach déanfar an méadú sin a **fhritháireamh** leis an **laghdú a bhfuiltear ag súil leis i bhfad na n-imeachtaí**. Níl aon **chostais tuartha do ghnólachtaí ná do shaoránaigh**.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Bainfidh **gnólachtaí an Aontais** tairbhe as an méadú atá tagtha ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar intuarthacht in idirbheartaíocht idirnáisiúnta. Meastar go mbeidh na tairbhí sin **níos tábhachtaí do FBManna** ná do ghnólachtaí móra toisc gur nós leo sin eadráin seachas dlíthíocht chúirte a roghnú agus iarracht á déanamh díospóid dhlíthiúil idirnáisiúnta a réiteach. Sa mhéid go bhfuil gnólachtaí an Aontais i mbun dlíthíocht chúirte,

bainfidh siad tairbhe as **rochtain níos fearr ar cheartas** mar gheall ar dhóchúlacht níos airde go n-aithneofaí agus go bhforfheidhmeofaí breithiúnais Eorpacha i dtríú tíortha, ach chomh maith leis sin as **costais níos ísle (idir 10 % agus 20 %)** agus as **fad níos giorra in imeachtaí (idir 3 mhí agus 6 mhí).** Mar gheall ar an éifeacht chómhalartach a bheidh ag an dearbhú beartaithe atá le déanamh ag an Aontas, ní dhéanfar na buntáistí sin a leathnú amach do ghnólachtaí an Aontais a iarrann aithint agus forfheidhmiú breithiúnais Eorpaigh lenar tugadh rialú ar léas tráchtála ar mhaoin dhochorraithe atá suite sa Stát ina bhfuil forfheidhmiú den sórt sin á lorg. Ciallaíonn líon íseal measta breithiúnas den sórt sin, áfach, nach mbeidh tionchar ag na cásanna sin ar na tionchair dhearfacha fhoriomlána ar ghnólachtaí.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riarachán náisiúnta?**

Ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an tionscnamh ar bhuiséid agus ar údaráis riaracháin náisiúnta. Meastar gur leor na hacmhainní atá ann faoi láthair chun déileáil le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Faoi 2026, meastar go dtiocfaidh méadú ar thrádáil earraí agus seirbhísí agus ar infheistíocht dhíreach choigríche leis na tríú tíortha a roghnaíodh lena mbeidh na figiúirí idir 0.3 % agus 1.6 %. Ina theannta sin, féadfar leis an gCoinbhinsiún aithint agus forfheidhmiú breithiúnas a éascú i gcás ina bhfuil sé thar a bheith deacair faoi láthair breithiúnais an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le creidiúnaithe de chuid an Aontais, agus d’fhéadfadh sé go mbeadh sé d’éifeacht indíreach aige trádáil leis na tíortha sin a chur chun cinn a thuilleadh.

D’fhéadfadh fás eacnamaíoch feabhsaithe agus cruthú post a bheith mar thoradh ar na tionchair indíreacha sin.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Trí go cúig bliana tar éis aontachas an Aontais Eorpaigh.